

Annual Report  
Tuarascáil Bhliantúil  
2004



Fáilte Ireland



# Fáilte Ireland Report and Financial Statements

For the Year Ended 31 December 2004

## To the Minister for Arts, Sport and Tourism

In accordance with the National Tourism Development Authority Act 2003, Fáilte Ireland presents its report for the year ended 31 December 2004.

[www.failteireland.ie](http://www.failteireland.ie)



# Fáilte Ireland Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004

## Chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003, cuireann Fáilte Ireland i láthair a thuarascáil don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004.



Fáilte Ireland



# Annual Report Tuarascáil Bhliantúil 2004

## Contents

Chairman's Statement	2
Highlights of 2004	6
Chief Executive's Review	8
Authority Members 2004	21
Fáilte Ireland Divisional Structure	22
Tourist Numbers and Revenue 2004	23
Financial Statements	24

## Clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Buaicphointí 2004	6
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	8
Comhaltaí Údaráis 2004	21
Struchtúr Rannach Fáilte Ireland	22
Uimhreacha Turasóireachta agus Ioncam 2004	23
Ráitis Airgeadais	24

# Chairman's Statement

## Ráiteas An Chathaoirligh



The tourism industry experienced mixed fortunes in 2004. While, on the plus side, there was a general return to visitor number growth, the ongoing uneven distribution of the benefits of tourism across regions and sectors continues to be of concern. Strengthening tourism performance across the regions is a major priority for Fáilte Ireland and, in support of this, in 2004, we increased funding allocations to the Regional Tourism Authorities by more than 30%.

The provision of appropriate infrastructure – including both large-scale projects and access infrastructure – is central to the ongoing development of the industry. While there have been some welcome developments in air access facilities for Ireland generally, more is needed at regional level, and we are continuing to highlight and support developments in these areas. We are also putting in place programmes to address the particular needs of a number of individual sectors including, for example, the B&B sector.

From a performance point of view, the domestic market continued to grow, with home holidays now a year-round attraction, and with short breaks becoming

### GILLIAN BOWLER

Chairman  
Cathaoirleach

Thuas seal, thíos seal a bhí cúrsaí don tionscal turasóireachta i 2004. Cé gur tháinig fás arís ar an líon cuairteoirí, ar an taobh dearfach, is cúis imní fós é an scaipeadh míchothrom atá i gcónaí ar shochair na turasóireachta ar fud réigiún agus earnálacha. Is tosaíocht mhór d'Fáilte Ireland é feidhmíocht turasóireachta ar fud na réigiún a neartú agus, mar thaca air sin, mhéadaíomar leithdháiltí maoinithe chuig na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha i 2004 os cionn 30%.

Is cuid lárnach d'fhorbairt an tionscail é soláthar infrastruchtúir iomchuí – lena n-áirítear tionscadail mhóra agus infrastruchtúir rochtana araon. Cé gur tháinig roinnt forbairtí a cuireadh fáilte rompu chun cinn maidir le saoráidí aer-rochtana d'Éirinn go ginearálta, tá gá le níos mó ag leibhéal réigiúnaigh, agus leanaimid orainn ag soiléiriú agus ag tacú le forbairtí sna réimsí sin. Táimid ag socrú clár freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha roinnt earnálacha ar leithligh, mar shampla, an earnáil B&B.

Ó thaobh feidhmíochta de, lean an margadh baile ag fás, le tóir ar shaoirí sa bhaile le linn na bliana ar fad

increasingly popular. Our new-look consumer website, with a strong regional input, and on-line booking of value offers from the industry, is giving immediate access to dynamic and up-to-the-minute packages to entice the domestic traveller.

As far as international travel is concerned, a record number – 6.38 million - of overseas visitors came to Ireland, the result of:

- A strong recovery in the United States market and significant increases in other long-haul markets such as Australia and Canada.
- A high level of interest in Ireland from relatively small markets such as Italy, Spain, Norway and Denmark, which led to double-digit growth in these strengthening markets.

On the other hand, it has been hard to achieve growth in the French and German markets, and there has been a small decline in the British market, not just for Ireland but also for many of our closest competitors.

Some sectors of the industry fared better than others. Although many hotels appeared to benefit from the growing market, the traditional B&B sector suffered from

the changing patterns of booking and holiday-taking. While hotel capacity rose, room occupancy rates in hotels remained steady at 60%. Investment continued strong in the sector, with the opening of new hotels and refurbishment of older, more established properties to provide all of the sophisticated leisure and sporting attractions that the modern tourist expects.

The benefits of tourism were increasingly concentrated in the Dublin and east region, due, in part at least, to the significant number of visitors on short city breaks – although recent evidence suggests that this market is softening somewhat. Achieving a more balanced regional spread of tourism, while, at the same time, ensuring the sustained growth of Dublin, continues to be a major challenge and is being given priority in our programme for 2005.



At the official opening of the Holiday World Experience, RDS, Dublin in January were (left to right): Shaun Quinn, Fáilte Ireland; Taoiseach Bertie Ahern, TD; Amanda Boyle, North West Tourism; and Trevor Caughey, Fáilte Ireland

anóis, agus le níos mó tóir ag teacht ar shaoirí gearra. Tugann ár láithreán gréasáin nua-chóirithe, a bhfuil ionchur réigiúnach láidir agus áirithint ar-líne de shaoirí luach ar airgead ann, rochtain láithreach ar scothphacáistí agus ar na pacáistí is deireanaí don taistealaí baile.

Maidir le taisteal idirnáisiúnta, tháinig líon níos airde ná riamh – 6.38 milliún – de chuairoteoirí eachtracha go hÉirinn, mar thoradh ar:

- Téarnamh láidir i margadh na Stát Aontaithe agus méaduithe suntasacha i margaí chianaistir eile ar nós an Astráil agus Ceanada.
- Ardleibhéal spéise in Éirinn ó mhargaí sách beag, ar nós an Iodáil, an Spáinn, an Iorua agus an Danmhairg, as a lean fás digít-dhúbailte sna margaí sin atá ag neartú.

Ar an taobh eile, bhí deacrachtaí le fás a bhaint amach i margaí na Fraince agus na Gearmáine, agus bhí titim bheag i margadh na Breataine, ní d'Éirinn amháin ach dóibh siúd i ndlúthchomórtas linn freisin.

D'éirigh níos fearr le hearnálacha áirithe an tionscail thar cinn eile. Cé gur dhealraigh sé gur bhain cuid mhaith óstán leas as fás an mhargaidh, d'fhulaing an earnáil traidisiúnta B&B mar gheall ar an athrú a tháinig ar phatrúin cur in áirithint agus tógáil saoirí. Cé gur mhéadaigh acmhainn óstáin, d'fhan rátaí áiríochta seomraí socair ag 60%. Lean infheistíocht láidir san earnáil, le hóstáin nua á n-oscailt agus le hóstáin níos sine agus atá bunaithe le fada á n-athchóiriú chun na tarraingteachtaí sofaisiticiúla áineasa agus spóirt a mbíonn turasóir an lae inniu ag súil leis a sholáthar.

Bhí sochair na turasóireachta dírithe níos mó agus níos mó i mBaile Átha Cliath agus sa réigiún thoir, de thoradh, i bpáirt ar a laghad, ar an líon suntasach cuairteoirí ar shaoirí gearra cathracha – cé go léiríonn fianaise le gairid go bhfuil an margadh sin ag moilliú go pointe. Is dúshlán mór i gcónaí é scaipeadh réigiúnach turasóireachta níos cothroime a bhaint amach, agus, ag an am céanna, fás inmharthana Bhaile Átha Cliath a chinntiú agus tá an dúshlán sin mar phríomhthosaíocht ár gclár do 2005.

The lack of good quality, direct access is a major impediment to growth for some regions, particularly along the western seaboard. Ryanair's plans for new routes into Shannon Airport and American Airlines' new services from Boston and Chicago provide a welcome boost.

Growing the number of visitors to the regions will mean enhancing structures and mechanisms for promoting tourism in those regions, further improving air and sea access from the key existing and new markets, the speedy completion of major infrastructural projects, in particular the expanding primary road network, and developing established and new high-quality products and services.

Implementation of the policies and action plan outlined in *New Horizons for Irish Tourism* - the Report of the Tourism Policy Review Group - is continuing. The first progress report of the Implementation Group, in September, recorded considerable progress in a wide range of areas. The report also identified issues that are

vital to sustained development. Of these, the restoration of Ireland's competitive edge remains the most important and the most challenging. This is not just about price competitiveness, but also about building a stronger competitive position in quality, innovation and cost efficiency. I am confident that, working together with our industry partners, we can meet this challenge.

On the infrastructure front, we have continued to highlight the need for, and support the development of, a number of specific projects, including a National Conference Centre and enhanced terminal facilities, in particular at Dublin Airport. We were very happy, therefore, to welcome the Government's recent decision to enhance the facilities at Dublin Airport. Speedy implementation of this decision will be vital to the continued development of Irish tourism. We are also conscious of the importance of improved internal access if we are to spread the benefits of tourism.

Fáilte Ireland has worked closely with the tourism

Is bac ollmhór ar fhás do roinnt réigiún, go háirithe iad siúd ar chósta thiar na tíre, é an t-easpa rochtana dhíreach, d'ardchaighdeán. Tá pleananna Ryanair i leith bealaí nua isteach go hAerfort na Sionna agus tá seirbhísí nua American Airlines ó Boston agus ó Chicago mar threisiú ar an bhfás sin.

Chun cur leis an líon cuairteoirí chuig na réigiúin caithfear cur le struchtúir agus le sásraí chun turasóireacht a chur chun cinn sna réigiúin sin, caithfear cur tuilleadh le rochtain aeir agus farraige ó na príomhmhargáí atá anois ann agus ó mhargáí nua, caithfear tionscadail mhóra infrastruchtúir a thabhairt chun críche go tapa, go háirithe an líonra príomhbhóithre atá ag leathnú, agus caithfear forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí d'ardchaighdeán nua agus orthu sin atá bunaithe cheana.

Táthar ag leanúint leis na polasaithe agus leis an bplean gnímh atá leagtha amach in *New Horizons for Irish Tourism* – Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Bheartais Turasóireachta - a fheidhmiú. Thaifead an chéad thuarascáil dhul chun cinn an Ghrúpa Feidhmithe, a foilsíodh i mí Meán Fómhair, dul chun cinn suntasach i

raon leathan réimsí. D'aithin an tuarascáil freisin saincheisteanna atá ríthábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe. Acu sin, is é athbhunú faobhair iomaitheigh na hÉireann an ceann is tábhachtaí agus is dúshlánaí i gcónaí. Ní faoi iomaitheacht praghais amháin é sin, ach faoi staid iomaitheachta níos láidre a chothú maidir le cáilíocht, nuálacht agus éifeachtúlacht chostais. Táim sásta gur féidir linn an dúshlán sin a bhaint amach, ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa tionscal.

Ó thaobh infrastruchtúir de, leanamar orainn ag tarraingt aird ar an ngá atá le roinnt tionscadal shonracha, lena n-áirítear Ionad Náisiúnta Comhdhála agus saoráidí críochfoirt feabhsaithe, go háirithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus leanamar orainn ag tacú lena bhforbairt. Bhí an-áthas orainn, dá bhrí sin, fáiltiú roimh chinneadh an Rialtais le deireanaí chun cur leis na saoráidí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Beidh feidhmiú thapa an chinnidh sin ríthábhachtach d'fhorbairt leanúnach na turasóireachta in Éirinn. Tugamid suntas freisin don tábhacht a bhaineann le rochtain inmheánach feabhsaithe má táimid chun sochair na turasóireachta a dháileadh.

industry to ensure that our activities for the 2005 season are both relevant to and practical for tourism enterprises throughout the various sectors and regions. Our action plan for 2005 offers a wide range of programmes designed to foster greater operational efficiency, marketing effectiveness, professional development and up-skilling of the tourism workforce. The strong emphasis on product innovation, whether in terms of developing new products or re-vitalising more mature ones, is of special significance.

We in Fáilte Ireland place great emphasis on building and maintaining close relationships with all sectors of the tourism industry and in particular the industry representative bodies. I would like to thank all of these for their valued contributions during 2004.

I wish to express the appreciation of the Authority to John O'Donoghue, TD, Minister for Arts, Sport and Tourism, for his support throughout 2004 and for securing increased funding as the basis for our action plans for 2005. I would also like to thank the Members

of the Authority for giving so much of their time and energy to the work of Fáilte Ireland.

Finally, may I thank Shaun Quinn, Chief Executive, and team for their commitment to the development of Irish tourism in what has been, for all of us, a time of considerable change.



**Gillian Bowler**  
Chairman




D'oibrigh Fáilte Ireland go dlúth le tionscal na turasóireachta lena chinntiú go mbeidh ár ngníomhaíochtaí don séasúr 2005 iomchuí agus praiticiúil aron maidir le fiontair thurasóireachta ar fud na hearnálacha agus na réigiún éagsúla. Tairiscíonn ár bplean gnímh do 2005 réimse leathan clár atá deartha chun éifeachtúlacht oibríochtuil, éifeachtacht margaíochta, forbairt ghairmiúil níos fearr a chothú, chomh maith le fórsa saothair na turasóireachta a uas-ciliú. Is gné an-suntasach í an bhéim láidir atá ar nuálacht táirge, cibé acu táirgí nua a fhorbairt nó athnuachan a dhéanamh ar tháirgí atá níos aibí.

Cuirimid an-bhéim anseo i Fáilte Ireland ar dhlúthchaidrimh le gach earnáil den tionscal turasóireachta a thógáil agus a chothabháil agus go háirithe leis na heagraíochtaí ionadaíochta tionscail. Is mian liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad as ucht an obair luachmhar a rinne siad le linn 2004.

Is mian liom buíochas a ghabháil thar ceann an Údaráis le John O'Donoghue, TD, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, dá thacaíocht le linn 2004 agus ar son tuilleadh maoinithe a chinntiú mar bhonn ár

bpleananna gnímh do 2005. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl do Chomhaltai an Údaráis as ucht oiread a gcuid ama agus fuinnimh a thabhairt d'obair Fáilte Ireland.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil le Shaun Quinn, Príomhfheidhmeannach, agus an fhoireann dá gcuid tiomantais d'fhorbairt turasóireachta na hÉireann le linn tréimhse mhór athraitheigh dúinn go léir.



**Gillian Bowler**  
Cathaoirleach

# Highlights of 2004

## Buaicphointí 2004

- In 2004 there were 6.38 million overseas visitors to Ireland, an increase of 3% on 2003 and a return to overall growth when compared to the peak year, 2000. Overall domestic trips grew by 5% with expenditure up 7%. Domestic holiday trips increased by 7% with expenditure up 9%. Six in ten Irish people took a holiday at home in 2004.
- A comprehensive marketing programme was undertaken in the Ireland market, including a €2.4 million multi-media advertising campaign. Our consumer website, **www.ireland.ie**, was re-launched as a one-stop shop for information and booking home holidays.
- Fáilte Ireland hosted a major conference – *Charting Tourism Success* - in Dublin Castle as part of Ireland's Presidency of the European Union.
- The Business Tourism Forum, established by Fáilte Ireland, commenced an intensive consultation process with our partners in the business tourism sector. The first ever *Business Tourism Forum Conference* took place towards the end of the year.



Ufi Ibrahim, Vice President – Development, World Travel and Tourism Council (WTTC) speaking at the Fáilte Ireland EU Tourism Conference in Dublin Castle. Also pictured are Jean-Claude Baumgarten, President of the WTCC and John Bowman, Conference Chairman

- Le linn 2004 tháinig 6.38 milliún cuairteoir eachtracha go hÉirinn, sin méadú 3% ar 2003 agus filleadh ar fhás foriomlán nuair a chuirtear sin i gcomparáid leis an mbuaicbhliain, 2000. D'fhás foriomlán na dturais bhaile 5%, le méadú 7% tagtha ar chaiteachas. Tháinig méadú 7% ar thurais saoire baile le méadú 9% tagtha ar chaiteachas. Ghlac seisiúr as deichniúr in Éirinn saoire sa bhaile le linn 2004.
- Tugadh faoi chlár cuimsitheach margaíochta i margadh na hÉireann, lena n-áirítear feachtas fógraíochta ilmheáin ar fiú €2.4 milliún é. Athsheoladh ár láithreán gréasáin do thomhaltóirí, **www.ireland.ie**, mar shiopa aon-stad d'eolas agus chun saoirí sa bhaile a chur in áirithint.
- D'óstaigh Fáilte Ireland comhdháil ollmhór – *Charting Tourism Success* – i gCaisleán Bhaile Átha Cliath mar chuid d'Uachtarántacht Éireann ar an Aontas Eorpach.
- Thosaigh Fóram Turasóireachta Gnó, bunaithe ag Fáilte Ireland, dianphróiseas comhchomhairlitheach lenár gcomhpháirtithe san earnáil turasóireachta gnó. Tionóladh an chéad Chomhdháil Fóram Turasóireachta Gnó riamh ag tarraingt ar dheireadh na bliana.

- Almost 12,000 appointments took place between buyers and product providers at the annual *Travel Trade Workshop*, which was held in Dublin in May.
- *Optimus* – a total business support framework for achieving excellence in tourism – was developed by Fáilte Ireland and launched in May.
- More than 3,000 people attended training and development programmes, aimed at updating the skills and knowledge of industry managers, supervisors and staff.
- More than 1,300 young people commenced full-time career training on Fáilte Ireland programmes delivered in partnership with the Institutes of Technology.
- Fáilte Ireland funding allocation to the Regional Tourism Authorities increased by more than 30% for 2004.
- More than 160 festivals were supported through the Festivals Fund.

- Fifteen international events were supported financially through the *International Sports Tourism Initiative*.
- Detailed proposals from more than 100 projects were evaluated under the *Tourism Product Development Scheme*.



Right: Clonmel Junction Festival - one of the many festivals to receive funding under the Festivals and Cultural Events Initiative, administered by Fáilte Ireland

Below: The UKWA Windsurfing Triple Crown, took place in Brandon Bay, Co. Kerry. This event was supported through the International Sports Tourism Initiative, administered by Fáilte Ireland

- Tharla beagnach 12,000 coinne idir ceannaitheoirí agus soláthóirí táirgí ag an gceardlann *Travel Trade Workshop*, a tionóladh i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine.
- Forbraíodh *Optimus* – creat oibre tacaíochta gnó iomlán chun an scoth i dturasóireacht a bhaint amach – ag Fáilte Ireland agus seoladh é i mí Bealtaine.
- D'fhreastail breis agus 3,000 duine ar chlár oiliúna agus forbartha, a bhí dírithe ar uas-dhátú scileanna agus faisnéise bainisteoirí, maoirseoirí agus foireann an tionscail.
- Thosaigh breis agus 1,300 duine óg ar oiliúnt ghairme lánaimseartha ar chlár Fáilte Ireland arna seachadadh i gcomhpháirtíocht leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta.
- Mhéadaigh dáileadh maoinithe Fáilte Ireland do na húdaráis Turasóireachta Réigiúnacha breis agus 30% do 2004.
- Thacaigh Ciste na bhFéilte le breis agus 160 féile.



- Tugadh tacaíocht airgeadais do chúig ócáid déag idirnáisiúnta tríd an *Tionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta*.
- Rinneadh meastóireacht faoin *Scéim Forbartha Táirgí Turasóireachta* ar mholtaí sonraithe de bhreis agus 100 tionscadal.

# Chief Executive's Review

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh



### TOURISM PERFORMANCE

A total of 6.38 million overseas visitors came to Ireland during 2004, an increase of 3% on 2003 and a return to overall growth when compared to the previous peak year of 2000. The number of holiday visitors from overseas increased by 2% between 2003 and 2004.

The domestic or home market, which is an increasingly important market for Irish tourism, recorded further growth during 2004 in terms of the total number of trips taken, the total number of holiday trips and total expenditure.

2004's performance was boosted by a recovery in the North American market (up 7%), continued growth in Irish people holidaying in Ireland (up 7%) and European markets like Italy and Spain (up 5% and 18%, respectively). Traditional markets such as the UK, France and Germany were less buoyant, with our largest, the UK, dropping by almost 1% to 3.5 million, with consequent impact on touring holidays and activities such as angling and golf.

### SHAUN QUINN

Chief Executive  
Príomhfheidhmeannach

### FEIDHMÍOCHT THURASÓIREACHTA

Le linn 2004 tháinig 6.38 milliún cuairteoir eachtrach go hÉirinn, méadú de 3% ar 2003 agus filleadh ar fhás fhoriomlán nuair a chuirtear sin i gcomparáid leis an mbuaicbhliain, 2000. Mhéadaigh an líon cuairteoir saoire ó thíir isteach 2% idir 2003 agus 2004.

Thaifead an margadh baile, ar mhargadh atá de shíor ag fáil níos tábhachtaí do thurasóireacht na hÉireann é, fás breise le linn 2004 i dtéarmaí an líon iomlán turas a tógadh, an líon iomlán turas saoire agus caiteachais iomlán.

Fuair feidhmíocht 2004 treisiú ó athbhunú sa mhargadh Meiriceá Thuaidh (suas 7%), ón fhás leanúnach i saoirí á dtógáil in Éirinn ag muintir na hÉireann féin (suas 7%), agus ó mhargaí Eorpacha ar nós an Iodáil agus an Spáinn (suas 5% agus 18%, faoi seach). Níor éirigh chomh maithe sin le margaí thraidisiúnta ar nós an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin, agus tháinig titim beagnach 1% chuig 3.5 milliún ar ár margadh is mó, an Ríocht Aontaithe, le tionchar dá bharr ar shaoirí turais agus ar ghníomhaíochtaí ar nós slatiascaireacht agus galf.

Growth in total foreign exchange earnings from out-of-State tourism was more modest. Foreign earnings for the year increased by 0.5% which, together with further evidence of increases in input costs, continues to put pressure on business margins in an increasingly competitive market environment.

Despite the overall growth, 2004 was a challenging year for Irish tourism, with some sectors and regions benefiting more than others, in terms of levels of business or operating margins. The ongoing changes in the mix of source markets and the nature of holidays taken, the continuing focus on the east coast in general and on Dublin in particular, and the shortening length of stay, coupled with the trend towards later booking, continue to impact adversely on some sectors in the industry.

Tourism businesses' experience of 2004 depended heavily on their location and industry sector. The continuing divergence in experience between the east and west of the country – for example, hotel occupancy rates in Dublin were 69% compared with a national average of 60% and 51% in the north-west – remains

a concern. Bringing about a more balanced regional spread means enhancing the promotion of tourism to the regions, and improving the quality of internal as well as air and sea access. Addressing this issue remains one of the key challenges for 2005.

There was evidence of structural as well as regional shifts in the tourism sector, with hotels benefiting most from the increase in overseas holiday nights. Investment in hotel accommodation during 2004 saw 800,000 bed nights added to Ireland's stock and this competition has impacted on guesthouses and bed and breakfasts. Added to increasing costs of insurance and labour, and the rise in property values, some operators have chosen to exit this sector. We will be putting in place an action plan to address this issue in 2005.



Bhí fás níos lú i dtuilleimh mhalartacha coigríche iomlána ó thurasóireacht as an Stát. Tháinig méadú de 0.5% ar thuilleimh choigríche don bhliain, rud a chuireann tuilleadh brú, i gcomhar le breis fianaise ar mhéaduithe ar chostais ionchuir, ar chorrailigh gnó i dtimpeallacht mhargaí a bhíonn de shíor ag fáil níos iomaithe.

D'ainneoinn an fháis fhoriomlán, ba bhliain dhúshlánach í 2004 do thurasóireacht na hÉireann, le hearnálacha agus réigiúin áirithe ag baint leasa níos mó ná a chéile aisti, i dtéarmaí leibhéil gnó nó corrlaigh oibríochta. Tá tionchar diúltach á imirt i gcónaí ar roinnt earnálacha sa tionscal ag na síorathruithe maidir le meascán na margaí bunaidh agus maidir le nádúr na saoirí a thógtar, ag an gclaoonadh atá fós leis an gcósta thoir go ginearálta agus le Baile Átha Cliath go sonrach, ag an ngiorrú atá ag teacht ar fhad saoirí, chomh maith leis an treocht i dtreo cur in áireamh níos deireanaí.

Bhraith an taithí a bhí ag gnóthaí turasóireachta le linn 2004 go mór ar an limistéar agus an earnáil tionscail ina raibh siad. Is cúis imní fós é an eisiréimniú leanúnach i dtaithe idir an taobh thoir agus an taobh thiar den tír –

mar shampla, bhí rátaí áitíochta óstán i mBaile Átha Cliath 69% i gcomparáid le meánráta náisiúnta de 60% agus 51% san Iar-Thuaisceart. Beidh gá le tuilleadh chur chun cinn i dturasóireacht chuig na réigiúin a dhéanamh chun scaipeadh níos cothroime ar fud na réigiúin a bhaint amach, chomh maith le cáilíocht na rochtana inmheánaigh, aeir agus farraige a fheabhsú. Is ceann de na príomhdhúshláin do 2005 é aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Bhí fianaise ar athruithe struchtúir chomh maith le hathruithe réigiúnacha san earnáil thurasóireachta, le hóstáin ag baint an leasa is mó ón ardú in oícheanta saoire eachtrach. De bharr infheistíochta i gcóiríocht óstáin le linn 2004, cuireadh 800,000 oíche leaba le stór na hÉireann agus d'imir an comórtas sin tionchar ar thithe aíochta agus tithe leaba agus bricfeasta. Chomh maith leis an ardú atá ag teacht ar chostais árachais agus saothair, agus an t-ardú i luachanna maoiné, roghnaigh roinnt oibritheoirí an earnáil seo a fhágáil. Beimid ag bunú plean gnímh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin le linn 2005.

**Some of the key activities and initiatives of Fáilte Ireland in 2004 were:**

## **RESEARCH AND DEVELOPMENT**

Fáilte Ireland undertook a comprehensive programme of research, covering a wide range of areas, including benchmarking product quality, monitoring trends, tracking employment in the industry, assessing competitiveness issues and probing key development matters.

During 2004, a number of major surveys were undertaken, including the annual *Survey of Overseas Travellers*, *Visitor Attitudes Survey* and *Hotel Survey*. The *Tourism Barometer*, the web-based survey of the industry which determines the state of the season, was conducted three times during 2004, and occupancy in the guesthouse, bed and breakfast, hostel and self-catering sectors was monitored from May to October.

Product research for marketing and development was conducted in respect of angling, golf, walking, inland cruising, equestrian pursuits and EFL. *The Tourism Business and Employment Survey* continued to monitor

employment levels in the hospitality sector and to provide data on training in the sector.

Our latest research shows that 97% of visitors say they would recommend a holiday in Ireland. Almost two-thirds of visitors now rate Ireland well in terms of competitive access and as 'easy to get to', compared to just under half in 2001 – a significant achievement for an island destination.

Fáilte Ireland's *Visitor Attitudes Survey* showed that Ireland's core attributes of friendliness, beautiful landscape and relaxed pace of life are still regarded as important and are rated highly. Ireland is increasingly perceived as a 'safe and secure' destination with 82% of visitors giving a high rating. However, macro consumer trends indicate an increasing appetite for 'things to do', as well as 'places to see'. Fáilte Ireland's product development programmes are targeted at ensuring the availability of a mix of high-quality and enticing activities throughout the country.

Visitors report Ireland's high cost of living, poor roads and uncertain weather as the main disincentives to a holiday here and, while the number of visitors whose

**Is iad seo a leanas cuid de na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscnaimh a bhí ar bun ag Fáilte Ireland le linn 2004:**

## **TAIGHDE AGUS FORBAIRT**

Thug Fáilte Ireland faoi chlár cuimsitheach taighde, ag clúdú raon leathan réimsí, lena n-áirítear binsemharcáil ar cháilíocht táirgí, monatóireacht ar threochtaí, fostaíocht sa tionscal a leanúint, meastóireacht ar shaincheisteanna iomaitheachta agus príomhchúrsaí forbartha a fhiosrú.

Le linn 2004, rinneadh roinnt mórshuirbhéanna, lena n-áirítear na suirbhéanna bliantúla *Suirbhé ar Thaistealaithe Eachtracha*, *Suirbhé ar Dhearcadh na gCúairteoirí* agus *Suirbhé Óstán*. Rinneadh Baraiméadar Turasóireachta, an suirbhé gréasán-bhunaithe a chineann staid an tséasúir, faoi thrí le 2004, agus rinneadh monatóireacht ar na hearnálacha tithe aíochta, leaba agus bricfeasta agus féinfhrestail, ó mhí Bealtaine go mí Dheireadh Fómhair.

Rinneadh taighde táirge do mhargaíocht agus d'fhorbairt i leith slatiascaireachta, gailf, siúil, cursála

intíre, imeachtaí eachaíochta agus EFL. Lean *An Suirbhé ar Fhostaíocht* agus *Gnó Turasóireachta* leis ag déanamh monatóireachta ar leibhéal fostaíochta san earnáil fáilteachais agus ag soláthar sonraí ar oiliúint san earnáil.

Léiríonn ár dtaighde is deireanaí go ndeir 97% de chuairoteoirí go molfadh siad saoire in Éirinn. Measann beagnach dhá-thrian de chuairoteoirí go bhfuil rochtain iomaitheach ag Éirinn agus go bhfuil sé éasca teacht chuici, i gcomparáid le díreach faoi bhun leath na gcúairteoirí i 2001 – éacht suntasach do cheann scríbe ar oileán.

Léirigh *Suirbhé ar Dhearcadh na gCúairteoirí* de chuid Fáilte Ireland go meastar na tréithe uathúla a bhaineann le saoire in Éirinn - cairdeas, áilleacht na tírdhreacha agus an saol a bheith á thógáil go réidh a bheith tábhachtach i gcónaí agus go bhfuil an-tóir orthu. Tá an tuiscint ar Éirinn mar cheann scríbe 'slán agus sábháilte' ag méadú de shíor le 82% de chuairoteoirí ag tabhairt ardráta di. Léiríonn maicrethreochtaí tomhaltóirí, áfach, go bhfuiltear ag lorg 'rudáí le déanamh' chomh maith le 'háiteanna le feiceáil' níos mó agus níos mó. Díreann cláir fhorbartha táirge Fáilte Ireland ar a chinntiú go mbeidh teacht ar mheascán gníomhaíochtaí mealltacha d'ardchaighdeán ar fud na tíre.

expectations were not met is small at 5%, this is attributed to the country being relatively expensive. While the costs of access, accommodation and tourism-specific services such as car hire are not considered excessive by tourists, the general cost of living in Ireland remains one of the highest in Europe and French, German and for the first time, US visitors, are commenting on it. With the weakening dollar and sterling, this poses an additional challenge for 2005.

Employment in the hospitality sector in 2004 remained steady with two-thirds of enterprises reporting similar levels to 2003. Dublin has a high concentration of tourism employment, with one quarter of the total, while the BMW region accounts for 28% with the remaining 46% in the South and East. In 2004, Fáilte Ireland trained just under 10,000 people for careers in hospitality and tourism.

According to Fáilte Ireland's *Tourism Barometer*, the main concerns of business people in tourism are:

- Cost of overheads
- Insurance costs
- Availability and retention of staff.

At Dublin Castle for the Fáilte Ireland EU Tourism Conference were (left to right): Shaun Quinn, Chief Executive, Fáilte Ireland; Willie Walsh, Chief Executive, Aer Lingus; Tim Smit, Chief Executive of the Eden Project; Cillian Bowler, Chairman, Fáilte Ireland; and Sir Rocco Forte, Chairman and Chief Executive, Rocco Forte Hotels

A notable feature here is the reduction in concerns over insurance costs compared to 2003.

Competitiveness and sustainability in the face of changing market and consumer trends was the central focus of the *Charting Tourism Success Conference*, which took place in Dublin Castle in April. Hosted by Fáilte Ireland to mark Ireland's Presidency of the European Union, the Conference attracted more than 200 delegates from across the European Union, including representatives of the European Commission, State agencies and tourism enterprises.

## PRODUCT DEVELOPMENT

Detailed proposals for more than 100 product development projects were evaluated under the *Tourism Product Development Scheme*. The Scheme forms part of the National Development Plan and receives support funding from the European Regional Development Fund.



Tuairiscíonn cuairteoirí gurb iad ardchostas maireachtála na hÉireann, drochbhóithre agus éiginnteacht aimsire na príomhchúiseanna a stopadh iad dul ar shaoire anseo agus, cé go bhfuil an líon cuairteoirí nach bhfuair an rud a bhí siad ag súil leis íseal ag 5%, luaitear ina theannta sin an tír a bheith sách costasach. Cé nach measann cuairteoirí gur iomarcach iad costais sheirbhísí a bhaineann go sonrach le turasóireacht ar nós carranna ar cíos, tá an costas ginearálta maireachtála in Éirinn fós ar cheann de na cinn is airde san Eoraip agus tá cuairteoirí ón Fhrainc, ón nGearmáin agus, don chéad uair, ó Mheiriceá, ag trácht air. Leis an dollar agus steirling ag dul i laige, tá dúshlán breise ann don bhliain 2005.

D'fhan fostaíocht san earnáil fháilteachais seasta le linn 2004 ag 231,000, leis an dá-thrian d'fhiontair ag tuairisc leibhéil comhchosúil le 2003. Tá an comhchruinniú fostaíochta turasóireachta is airde i mBaile Átha Cliath, agus ansin an réigiún BMW le 28% agus an Iar-Dheisceart le 15%. Le linn 2004, chuir Fáilte Ireland oiliúnt ar bheagnach 10,000 duine i gcomhair gairme i bhfáilteachas agus i dturasóireacht.

Dar le *Baraiméadar Turasóireachta* de chuid Fáilte Ireland, is iad na hábhair inmí is mó a bhíonn ar lucht gnó sa turasóireacht ná:

- Costas fhorchostais
- Costais árachais
- Foireann a fháil agus a choimeád

Is gné suntasach dóibh sin ná an laghdú atá tagtha ar ábhair inmí maidir le costais árachais i gcomparáid le 2003.

Ba iad an iomaitheacht agus an inbhuanaitheacht i gcoinne treochtaí margála agus tomhaltóirí atá ag athrú príomhfhócas na Comhdhála *Charting Tourism Success*, a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin. Tháinig breis agus 200 ionadaí ó gach cuid den Aontas Eorpach chuig an Chomhdháil, lena n-áirítear ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó na gníomhaireachtaí Stáit agus ó fhiontair thurasóireachta. Ba é Fáilte Ireland a thionóil an Chomhdháil chun Uachtarántacht na hÉireann den Aontas Eorpaigh a cheiliúradh.

By the end of 2004, 41 projects had been approved for funding under the Scheme, 14 of which are in the South and East Region and 27 in the Border, Midlands and West Region, and final decisions were awaited on a number of other projects.

In December, the Minister for Arts, Sport and Tourism, John O'Donoghue, TD, announced a further limited call for proposals under the Scheme, for projects in the special interest pursuits category, including health tourism, equestrian and outdoor activities.

## ENTERPRISE SUPPORT AND DEVELOPMENT

*Optimus* – a total business support framework for achieving business excellence in tourism – was developed by Fáilte Ireland and launched in May. The programme, which draws on the *European Excellence Framework (EFQM)*, aims to support individual tourism enterprises in ensuring that the business capability is in place to deliver consistently high customer service standards and better business performance.

The 2004 *Ireland's Best* awards ceremony was held in April. The ceremony recognised the success of more than 50 leading hospitality and tourism businesses which achieved top standards in service excellence. Of these 50, eleven achieved the award for the third time, demonstrating a commitment to delivering continuous world-class service to their customers. *Ireland's Best* is an integral part of the *Optimus* framework, and winners of the award can progress towards *Best Practice* and *Business Excellence* awards in 2005.

## REGIONAL DEVELOPMENT

Fáilte Ireland's funding to the Regional Tourism Authorities increased significantly by more than 30% for 2004.

A series of regional industry briefings was held during January, in association with Tourism Ireland, the Regional Tourism Authorities and Shannon Development.

In line with a recommendation in the report of the Tourism Policy Review Group – *New Horizons for Irish Tourism*, and ongoing challenges presented by the

## FORBAIRT TÁIRGÍ

Rinneadh meastóireacht faoin Scéim Forbartha Táirgí Turasóireachta ar mholtaí sonraithe de bhreis agus 100 tionscadal. Is cuid den Phlean Forbartha Náisiúnta í an Scéim agus faigheann sí maoiniú tacaíochta ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Faoi dheireadh 2004, ceadaíodh maoiniú do 41 tionscadal faoin Scéim; a bhfuil 14 acu sin sa Réigiún Theas agus Thoir agus 27 acu sa Réigiún Teorann, Lár-Tíre agus Iarthair, agus bhíodhas ag fanacht le cinntí deiridh maidir le roinnt tionscadal eile.

I mí na Nollag, d'fhógair an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, John O'Donoghue, TD, gairm theoranta bhreise ar thograí faoin Scéim, do thograí sa chatagóir imeachtaí sainspéise, lena n-áirítear turasóireacht shláinte, eachaíocht agus gníomhaíochtaí amuigh faoin aer.

## TACAÍOCHT AGUS FORBAIRT FIONTAIR

Forbraíodh *Optimus* – creat oibre tacaíochta gnó iomlán chun an scoth i dturasóireacht a bhaint amach – ag Fáilte Ireland agus seoladh i mí Bealtaine é. Tá sé mar

aidhm ag an gclár, a bhaineann leas as *European Excellence Framework (EFQM)*, tacú le fiontair thurasóireachta ar leithligh lena chinntiú go mbeidh acmhainneacht gnó ann chun caighdeán seirbhísí do chustaiméirí a bheidh ard i gcónaí, chomh maith le feidhmiú gnó níos fearr, a sholáthar.

Tionóladh searmanais dámhachtainí 2004 *Ireland's Best* i mí Aibreáin. Thug an searmanas suntas do bhreis agus 50 gnóthaí ceannaireachta fáilteachais agus turasóireachta a bhain ardchaighdeán i seirbhís den scoth amach. As an 50 sin, ghnóthaigh aon cheann déag díobh an dámhachtan don tríú huair, ag léiriú tiomantais do sheirbhís leanúnach den scoth a sholáthar dá gcuid custaiméirí. Is cuid lárnach den chreat oibre *Optimus* é *Ireland's Best*, agus is féidir leo sin a ghnóthann an dámhachtan gluaiseacht ar aghaidh chuig dámhachtainí *Best Practice* agus *Business Excellence* i 2005.

## FORBAIRT RÉIGIÚNACH

Mhéadaigh leithdháileadh maoinithe Fáilte Ireland chuig na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha le breis agus 30% do 2004.

uneven distribution of the benefits of tourism throughout the regions, Fáilte Ireland commissioned a major review in this area, which will be completed early in 2005.

More than 160 festivals and cultural events were grant-aided in 2004. The support focused in particular on those best able to help achieve a more equitable distribution of tourists into the regions.

## MARKETING AND PROMOTIONS

A comprehensive marketing programme was undertaken in the Ireland market during 2004. The programme included a €2.4 million multi-media advertising campaign, with the theme of *'From the great outdoors to the great indoors'*, which ran from April to October.

Domestic holidays and breaks continue to underpin performance and tourism operators are actively targeting this segment. For 2005, Fáilte Ireland is introducing a new integrated marketing campaign linking regions with activities and encouraging consumers to web book on [www.ireland.ie](http://www.ireland.ie). The

campaign incorporates television, radio, print and outdoor advertising.

The annual *Travel Trade Workshop* in May was attended by more than 300 overseas tour operators and 600 Irish trade. Almost 12,000 appointments between buyers and product providers took place over the two days of the Workshop.

Working with Tourism Ireland, Fáilte Ireland hosted 1,000 overseas travel agents and tour operators on familiarisation visits and brought 1,320 media representatives from 28 countries to Ireland in 2004. Highlights of these visits included the celebrations for the centenary of Bloomsday and the launch of *Cork 2005 – European Capital of Culture*. Fáilte Ireland assisted more than 700 Irish trade to attend one or more of 120 overseas promotions listed in the *Calendar*



Tionóladh sraith seisiún eolais réigiúnach a bhain leis an tionscal le linn mí Eanáir, i gcomhar le Turasóireacht Éireann, na hÚdaráis Turasóireachta Réigiúnacha agus Forbairt na Sionainne.

Ag teacht le moladh i dtuaraisc an Tourism Policy Review Group – *New Horizons for Irish Tourism*, agus le dúshlán sheasmhacha mar gheall ar dháileadh éagothrom leasa turasóireachta ar fud na réigiún, choimisiúnaigh Fáilte Ireland athchóiriú ollmhór sa réimse sin, a bheidh críochnaithe go luath i 2005.

Tugadh deontais do bhreis agus 160 féilte agus ócáidí chultúrtha i 2004. Bhí an tacaíocht dírithe go sonrach orthu sin is fearr a d'fhéadfadh cuidiú le dáileadh níos cothroime turasóirí isteach sna réigiúin.

## MARGAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

Tugadh faoi chlár margaíochta cuimsitheach i margadh na hÉireann le linn 2004. San áireamh sa chlár bhí feachtas fógraíochta ilmheáin ar fiú €2.4 milliún é, le téama *'From the great outdoors to the great indoors'*, a bhí ar siúl ó mhí Aibreáin go dtí mí Dheireadh Fómhair.

Tá saoirí agus sosanna gearra sa bhaile mar bhonn taca fós d'fheidhmíocht agus tá oibrítheoirí turasóireachta ag díriú ar an gcuid sin go réamhghníomhach. Do 2005, tá Fáilte Ireland ag tabhairt isteach feachtas margaíochta comhtháite nua ag nascadh réigiúin le gníomhaíochtaí agus ag spreagadh custaiméirí chun áirithint a dhéanamh ar-líne ar [www.ireland.ie](http://www.ireland.ie). Tá fógraíocht theilifíse, raidió, chlóite agus fógraíocht lasmuigh san áireamh leis an bhfeachtas.

D'fhreastail os cionn 300 oibrítheoir turais eachtrach agus 600 trádáil Éireannach ar an gceardlann bhliantúil *Travel Trade Workshop* i mí Bealtaine. Tharla beagnach 12,000 coinne idir ceannaitheoirí agus soláthróirí táirgí thar dhá lá na ceardlainne.

Ag obair le Turasóireacht Éireann, d'óstaigh Fáilte Ireland 1,000 gníomhaire turasóireachta eachtracha agus oibrítheoir turais ar chuirteanna chun aithne a chur ar an áit agus thóg siad 1,320 ionadaí meán ó 28 tír go hÉirinn i 2004. Áiríodh ar bhuaicphointí na gcuairteanna sin comóradh an chéid do Bloomsday agus seoladh *Cork 2005 – European Capital of Culture/Corcaigh 2005 – Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa*. Chuidigh Fáilte

of Trade and Consumer Promotions.

The Irish Welcome Awards 2004 attracted 2,500 nominations from international visitors and domestic holidaymakers. The awards were presented to six category winners at a ceremony in November.

From an initial print run of 10,000 copies in 1952, *Ireland of the Welcomes* had an ABC audited net circulation of more than 102,000 copies per issue in 2004.

## BUSINESS TOURISM

A Business Tourism Forum was established in July with the aim of developing the business tourism sector in

Ireland. Chaired by Peter Malone, this partnership Forum convened a series of consultative sessions involving representatives of the business tourism sector in September. In November, Fáilte Ireland hosted Ireland's first *Business Tourism Forum Conference* attended by 150 key people in the business tourism sector.

A major business tourism promotion, involving 115 buyers from the main international markets, was held in October in Killarney and Dublin. The promotion included a workshop attended by Irish trade suppliers.

## SPORTS AND SPECIAL INTEREST TOURISM

Fifteen international events staged in Ireland were supported through the *International Sports Tourism Initiative*. These included the *American Express World Golf Championship*, the *British GT Championship* and the *British Superbike Championship*, the biennial *Cork Week* regatta, the *UKWA Triple Crown* windsurfing event and the *International Sports Horse Show*.

